Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2021
(OR. en, de)

7992/21
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0226(NLE)**

RECH 161
COMPET 263
ATO 28
CADREFIN 184

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14206/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9871/18 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine* |

**Ráiteas ón nGearmáin**

Is díol sásaimh do Rialtas Cónaidhme na Gearmáine bunú an Rialachán maidir le taighde Euratom (2021-2025). Comhaontaíonn an Ghearmáin leis an Rialachán, ach tarraingíonn sí aird ar an méid a leanas:

In ainneoin na caibidlíochta fada, is oth leis an nGearmáin nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le foclaíocht lena soiléireofaí nach bhfuil gach Ballstát den tuairim gurb ionann torthaí thaighde Euratom agus rannchuidiú ionchasach le córas fuinnimh aeráidneodrach a fhorbairt (Aithris 2) a mheastar freisin a bheith sábháilte éifeachtúil agus nach measann gach Ballstát go rannchuidíonn an Rialachán seo leis an aistriú fuinnimh (Airteagal 3(1)). Cuireann an Ghearmáin i gcoinne léirmhíniú den sórt sin, a mhéid a bhaineann le tionscadail eile an Aontais chomh maith, agus déanann sí seasamh na Gearmáine sa ráiteas seo a dhoiciméadú, ráiteas ar féidir tagairt dó le haghaidh aon léirmhínithe amach anseo. Tá sé de cheart ceannasach ag gach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a meascán fuinnimh féin a chinneadh. Mar sin féin, ba mhian linn dá léireofaí níos fearr na himthosca sonracha i mBallstáit aonair an Aontais sna ráitis a rinneadh sa Rialachán maidir le hacmhainneacht na cumhachta núicléiche cur le maolú an athraithe aeráide agus leis an aistriú fuinnimh. Níl comhthuiscint aonfhoirmeach ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh air sin.

Is laistigh de thréimhse bhailíochta an Rialacháin um Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom (2021-2025) a thagann foirceannadh úsáid an fhuinnimh núicléach le haghaidh leictreachas a ghiniúint sa Ghearmáin ar bhonn tráchtála. I réimse an eamhnaithe núicléach, díreofar i dtaighde Euratom ar thacaíocht theicniúil agus eolaíoch le haghaidh oibriú stáisiún cumhachta núicléach sa Ghearmáin go dtí deireadh 2022, ar an tréimhse iar-oibriúcháin ina dhiaidh sin, ar dhiúscairt dramhaíl radaighníomhaí, ar chosaint ar radaíocht agus ar chothabháil inniúlachta san fhadtéarma i bhfianaise forbairtí thar lear. Ní mór an t-atreorú a dhéanfar ar bheartas don fhuinneamh núicléach i dtreo úsáid shibhialta a chur san áireamh ar bhealach cothrom i bpróisis ábhartha na hEorpa, lena n-áirítear i gcomhthéacs maoiniú ionchasach tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán in éineacht leis an aithris chomhfhreagrach (Aithris 14).